



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Feidhm Earcaíochta agus Roghnúcháin na Rannóige Acmhainní Daonna Fógra Príobháideachais



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



- RIALÚ ATHBHREITHNITHE -

Leagan	Dáta	Lucht Spéise	Nótaí
0.1	21 Bealtaine, 2018	An tAonad Earcaíochta agus Roghnúcháin	Dréacht lena chéadú
0.2	21/06/2018	Cáipéis Deiridh an Láithreáin Ghréasáin	Cáipéis Ceadaithe



- CLÁR NA NÁBHAR -

1 .Réamhrá.....	1
2. <i>Sonraí a Bhailíonn Rannóg Acmhainní Daonna Chomhairle Chontae na Gaillimhe.....</i>	1
3. <i>An Gá atá le Fógra Príobháideachais.....</i>	4
4. <i>Faisnéis a Roinnt.....</i>	5
5. <i>Mar a úsáidfear/phróiseálfar do chuid sonraí pearsanta.....</i>	5
6. <i>Oibleagáidí Dlí agus Rialála.....</i>	6
7. <i>Beartas Coinneála Taifead.....</i>	6
8. <i>Na Cearta atá agat.....</i>	6
9. <i>Sonraí Teagmhála maidir le Cosaint Sonraí.....</i>	7



1. Réamhrá

Tháinig An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) Rialachán (AE) 2016/697 i bhfeidhm dleathach díreach ar fud na hEorpa an 25 Bealtaine 2018. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe (an Chomhairle) freagrach as réimse leathan seirbhísí poiblí a chur ar fáil. Seo é an Fógra Príobháideachais maidir leis an bhFeidhm Earcaíochta agus Roghnúcháin atá ag an Rannóg Acmhainní Daonna.

Ceann de chroíluachanna Phlean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná:

“Meas a bheith ar ár bhfoireann agus tacaíocht a thabhairt dóibh i seachadadh seirbhíse poiblí ar an gcaighdeán is airde atá éifeachtach agus freagrach, ar bhealach atá cairdiúil, cuidiúil, cothrom agus uilechuimsitheach a chuireann muinín an phobail, inrochtaineacht agus meas ar ilchineálacht chun cinn.”

Ní hamháin go nglactar leibhéal agus cáilíocht na seirbhísí do chustaiméirí san áireamh sa tseirbhís ardchaighdeán a chuirtear ar fáil ach áirítear freisin cáilíocht na bpróiseas déanta cinntí, éifeachtacht agus éifeachtúlacht ár n-oibríochtaí corparáideacha, caighdeán ár n-áiseanna agus an cumas atá againn dul in oiriúint i dtimpeallacht a bhíonn ag athrú go síoraí. Chun tuilleadh eolais a fháil tabhair cuairt ar an láithreán gréasáin www.gaillimh.ie

2. Sonraí a Bhailíonn Rannóg Acmhainní Daonna Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Próiseálann¹ an Chomhairle agus baineann sí úsáid as cineálacha ar leith faisnéise faoi dhaoine (Ábhair Sonraí) agus faoi eagraíochtaí d'fhonn an réimse seirbhísí is éifeachtaí agus is dírithe a chur ar fáil chun go mbeimid in ann freastal ar riachtanais shaoránaigh, phobail agus ghnóthaí Chontae na Gaillimhe.

Ag brath ar an tseirbhís atá á lorg nó á chur ar fáil d'fhéadfadh 'sonraí pearsanta'² mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Chosaint Sonraí agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) a bheith i gceist le faisnéis a bheifí a lorg agus d'fhéadfadh baint a bheith aici le húsáideoirí, iarúsáideoirí nó úsáideoirí seirbhíse amach anseo; iarfhostaithe, fostaithe reatha nó fostaithe amach anseo; soláthróirí; agus daoine sa phobal a d'fhéadfadh dul i mbun cumarsáide leis an bhfoireann.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh go gcaithfeadh an fhoireann, ó am go chéile, cineálacha ar leith sonraí pearsanta a bhailiú, a phróiseáil agus a úsáid chun ceanglais rialála nó reachtacha a chomhlíonadh. Áirítear orthu sin sonraí teagmhála d'fhonn cumarsáid éifeachtach a dhéanamh.



Ní gá duit na sonraí teagmhála ar fad a chur ar fáil ach dá mó a chuirfidh tú ar fáil - ríomhphost, fón, seoladh - is ea is éasca a bheidh sé cumarsáid a dhéanamh leat.

¹ Is éard atá i gceist le próiseáil ná rud ar bith a dhéantar le Sonraí Pearsanta nó ar Shonraí Pearsanta, stóráil sonraí ina measc

² Is éard atá i gceist le Sonraí Pearsanta ná faisnéis faoi dhuine aonair atá beo inar féidir an duine aonair sin a shainaithint

Caithfidh an Chomhairle faisnéis fútsa a choinneáil agus a phróiseáil chun críocha earcaíochta. Ní bhainfear úsáid as an bhfaisnéis a choinnítear agus a phróiseáiltear ach chun críocha bainistíochta agus riaracháin amháin. Déanfaidh an Chomhairle í a choinneáil agus a úsáid chun an teagmháil a bheidh againn leat a bhainistiú go héifeachtach, go dleathach agus mar is cuí le linn an phróisis roghnúcháin agus earcaíochta agus/nó le linn an chaidrimh fostaíochta. Áirítear leis seo úsáid a bhaint as faisnéis le go mbeidh an Chomhairle in ann cloí leis an gconradh fostaíochta, cloí le haon cheanglais dlíthiúla, leasa dlistineacha a shaothrú agus seasamh dlí na Comhairle a chosaint i gcás imeachtaí dlí. Mura gcuireann tú na sonraí seo ar fáil, d'fhéadfadh nach mbeidh an Chomhairle in ann cloí le hoibleagáidí áirithe.

Déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe sonraí pearsanta a bhaineann le hiarratasóirí poist a bhailiú agus a phróiseáil mar chuid de na próisis earcaíochta. Tá an Chomhairle tiomanta do bheith trédhearcach maidir leis an mbealach a bhailíonn sí agus a úsáideann sí na sonraí sin agus tá sí tiomanta chomh maith a cuid oibleagáidí i leith cosaint sonraí a chomhlíonadh. Is tú féin a chuir an chuid is mó den fhaisnéis atá againn ar fáil, ach d'fhéadfadh roinnt faisnéise teacht ó fhoinsí seachtracha ar nós moltóirí agus/nó iarfhostaithe de chuid na hearnála poiblí.

D'fhéadfadh go mbeidh ar gach iarratasóir ar phoist agus ar shocrúcháin oibre faisnéis a chur ar fáil maidir leis na catagóirí sonraí seo a leanas (nuair a bhaineann le hábhar);

Áirítear orthu sin:

- d'ainm, seoladh agus sonraí teagmhála, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin;
- sonraí ar do cháilíochtaí, scileanna, traenáil, taithí oibre, ballraíochta gairmiúla agus stair fostaíochta;
- cibé an bhfuil nó nach bhfuil tá tú faoi míchumas agus a gcaithfidh an Chomhairle leasuithe réasúnta a chur i bhfeidhm le linn an phróisis earcaíochta duit;;
- cibé an bhfuil taifead coiriúil agat;
- faisnéis faoi do theidlíocht dul i mbun oibre i bPoblacht na hÉireann, lena n-áirítear d'uimhir PPSN;
- do ráitis maidir le d'oiriúnacht don ról agus nithe a bhfuil spéis agat iontu go pearsanta.



Má éiríonn le hiarratasóir san agallamh agus má thairgtear fostaíocht dóibh, d'fhéadfadh tuilleadh faisnéis phearsanta a bheith de dhíth/a thaifeadadh e.g.;

- Tuairisc Leighis
- Teistiméireachtaí (Fostaíocht roimhe sin agus teistiméireacht ar charachtar)
- PPSN
- Sonraí Bainc
- Ceadúnas Tiomána/Pas/Teastas Breithe
- Sonraí maidir le do chuid seirbhíse ó fhostóirí na hearnála poiblí roimhe seo má bhaineann le hábhar
- Fianaise dhoiciméadach mar chruthúnas ar chéannacht agus ar sheoladh

Iarrann Comhairle Chontae na Gaillimhe ort chomh maith sonraí teagmhála bheirt mholtóirí a chur ar fáil le go mbeimid in ann dul i dteagmháil leo tar éis an agallaimh chun teistiméireachtaí a fháil fút. Glacaimid leis go bhfuil cead faighte agat uathu a gcuid sonraí teagmhála a thabhairt don Chomhairle.

Bailíonn an Chomhairle an fhaisnéis seo trí iarraidh ort foirm iarratais ar phost a chomhlíonadh agus a chur isteach tríd an bpost nó trí ríomhphost.

Teastaíonn ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe sonraí a phróiseáil chun céimeanna a ghlacadh ar iarraidh uaitse sula ndéanaimid conradh leat. D'fhéadfadh sé go gcaithfeadh Comhairle Chontae na Gaillimhe do shonraí a phróiseáil chomh maith chun go mbeifear in ann conradh a dhéanamh leat. I gcásanna áirithe, bíonn orainn sonraí a phróiseáil lena chinntiú go bhfuil ár n-oibleagáidí dlí á gcomhlíonadh againn. Tá leas dlistineach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i sonraí pearsanta a phróiseáil le linn an phróisis earcaíochta agus chun taifid a choinneáil ar an bpróiseas. Nuair a dhéanann an Chomhairle sonraí iarratasóirí ar phoist a phróiseáil, cuireann sé sin ar chumas na Comhairle an próiseas earcaíochta a bhainistiú, oiriúnacht iarratasóra a mheas agus a dhearbhu agus a chinneadh cé dó a dtairgfear an post. D'fhéadfadh go mbeadh ar an gComhairle sonraí ó iarratasóirí ar phost a phróiseáil chun freagra a thabhairt ar éilimh dhlíthiúla agus chun í féin a chosaint ina n-aghaidh. D'fhéadfadh go mbaileois sonraí faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil duine faoi mhíchumas d'fhonn freastal réasúnta a dhéanamh ar iarratasóirí atá faoi mhíchumas. Déanann an Chomhairle faisnéis dá leithéid a phróiseáil chun a cuid oibleagáidí a chur i gcrích agus chun cearta sonracha a fheidhmiú maidir le fostaíocht.

Ní nochtfaidh an Chomhairle aon fhaisnéis fút le tríú páirtithe ach amháin sa chás go mbeadh oibleagáid uirthi de réir an dlí sin a dhéanamh nó chun dualgais chonartha na Comhairle leatsa a chomhlíonadh.



Má bhíonn sé i gceist ag an gComhairle do chuid sonraí a phróiseáil amach anseo chun críocha eile seachas na críocha ar bailíodh iad, cuirfear faisnéis ar fáil ina leith sin agus ar aon fhaisnéis eile atá ábhartha roimh ré.

3. An Gá atá le Fógra Príobháideachais

Bailíonn Rannóg Acmhainní Daonna Chomhairle Chontae na Gaillimhe faisnéis phearsanta ar go leor bealaí. Mar shampla, d'fhéadfadh faisnéis a bheith ar fhoirmeacha iarratais, CVanna, ar Fhoirmeacha Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána, nó d'fhéadfaí faisnéis a fháil ó do phas nó ó dhoiciméad aitheantais eile nó a bhailiú trí agallaimh nó trí mhodhanna eile measúnaithe.

D'fhéadfadh an Rannóg Acmhainní Daonna faisnéis fút a bhailiú ó thríú páirtithe, ar nós moltóirí arna gcur ar fáil ag iarfhóistoirí. Ní iarrfaidh an Rannóg Acmhainní Daonna ar fhaisnéis ó thríú páirtithe ach i ndiaidh tairiscint ar phost a bheith déanta agus cuirfimid tú ar an eolas nuair atáimid ag déanamh amhlaidh.

Déanfar sonraí a stóráil i réimse éagsúil áiteanna, lena n-áirítear ar do thaifead iarratais, sna córais bhainistithe de chuid Acmhainní Daonna agus i gcórais IT eile (ríomhphost ina measc).

Is mar seo a leanas a láimhseáiltear sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ort a chur ar fáil dúinn, nó a d'fhéadfaí a bhailiú ó fhoinsí eile (faisnéis ó thríú páirtithe eile nó ó ghníomhairí ag gníomhú ar do shon; etc),

- Go bhfaightear iad ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach
- Nach bhfaighfear iad ach chun críocha sonraithe, follasacha agus dlisteanacha amháin
- Go mbeidh siad leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun na gcríoch dá bhfuil siad á bhfáil
- Go ndéanfar iad a thaifeadadh agus a stóráil go cruinn agus go slán agus go dtugtar cothrom le dáta iad nuair is gá.
- Nach gcoinneofar na sonraí níos faide ná is gá chun na gcríoch dá bhfuil siad de dhíth.
- Nach gcoinneofar sonraí ar bhealach inar féidir na daoine is ábhar do na sonraí a aithint níos faide ná mar is gá



- Go ndéanfar sonraí a phróiseáil ar bhealach a chinnteoidh slándáil chuí na sonraí pearsanta lena n-áirítear cosaint ó phróiseáil neamhúdraithe nó neamhdhleathach.

4. Faisnéis a Roinnt

D'fhéadfadh an Rannóg Acmhainní Daonna d'fhaisnéis a roinnt go himmheánach (taobh istigh den Chomhairle) i gcomhréir lena hoibleagáidí reachtúla. D'fhéadfaí d'fhaisnéis a roinnt go himmheánach chun críocha an bhirt earcaíochta. Áirítear orthu sin baill na Rannóige Acmhainní Daonna, agallóirí atá páirteach sa phróiseas earcaíochta, na rannóga airgeadais agus pá, bainisteoirí sa réimse gnó a bhfuil folúntas ann agus an fhoireann IT má tá sé riachtanach teacht ar na sonraí ar mhaithe lena gcuid dualgas a chur i gcrích.

Ní roinnfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe do chuid sonraí le tríú páirtithe, seachas sa chás go n-éiríonn le d'iarratas agus go ndéanaimid fostaíocht a thairiscint duit. Iarrann agus faigheann Rannóg Earcaíochta na Rannóige Acmhainní Daonna faisnéis ó na comhlachtaí seo a leanas:

- Iarfhostóirí chun teistiméireachtaí a fháil fút
- Soláthraithe seiceála cúlra fostaíochta chun na seiceálacha cúlra atá riachtanach a fháil
- Fostóirí a bhí ag obair san earnáil phoiblí roimhe seo chun sonraí a fháil maidir le do chuid fostaíochta roimhe seo.
- Liachleachtóirí
- An Garda Síochána (Próiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána)

5. Mar a úsáidfear/phróiseálfar do chuid sonraí pearsanta

De bharr an líon custaiméirí agus foirne a mbíonn an Chomhairle ag freastal orthu agus de bharr an réimse seirbhíse Tacaíochta Acmhainní Daonna a chuirimid ar fáil bíonn ar chórais IT taifid na bhfostaithe agus iarratais ó chustaiméirí a bhainistiú. Coinnítear an chóip chrua den fhoirm iarratais freisin. Tá rochtain ar na sonraí rialaithe agus teorannaithe don fhoireann ábhartha a bhfuil baint acu le seirbhísí éagsúla a mheas agus a phróiseáil in éineacht le bearta slándála eile ar nós pasfhocail.

- Cuireann *CoreHR* bogearraí Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntais ar fáil. Déanfar roinnt de do chuid sonraí pearsanta a thaifeadh agus a phróiseáil trí úsáid a bhaint as na bogearraí sin.
- Oibríteoir seirbhís chomhroinnte earnála poiblí (Mypay) a phróiseálann an párolla trí úsáid a bhaint as an mbunachar sonraí *CoreHR*.



Tá Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse agus Comhaontuithe um Chosaint Sonraí i bhfeidhm chun rochtain ar shonraí a rialú.

Tá rochtain ar na sonraí rialaithe agus teorannaithe don fhoireann ábhartha a bhfuil baint acu le seirbhísí éagsúla a mheas agus a phróiseáil in éineacht le bearta slándála eile ar nós pasfhocail.

6. Oibleagáidí Dlí agus Rialála

Áirítear an bunús dlí agus an leas dlistineach le haghaidh sonraí pearsanta a phróiseáil;

- sa Reachtaíocht Fostaíochta
- sa Reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta
- sa Reachtaíocht maidir le hAoisliúntas
- sna hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016
- san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015
- sa Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017

7. Beartas Coinneála Taifead

Ta an Chomhairle i mbun beartais coinneála a ullmhú do gach aonad seirbhíse agus aonad gnó. Leagfar amach sna beartais seo an tráthchlár a choinneoidh an Chomhairle do shonraí pearsanta agus a ndéanfar leo tar éis don tréimhse coinneála atá riachtanach a bheith imithe in éag.

8. Na Cearta atá Agat

Tá sé de cheart agat rochtain a iarraidh ar shonraí pearsanta atá coinnithe fút, deimhniú a fháil maidir le cibé an bhfuil sonraí a bhaineann leat ann, tú a chur ar an eolas maidir le hábhar agus foinse na sonraí agus cruinneas na sonraí sin a sheiceáil. Má fhaightear go bhfuil na sonraí atá á gcoinneáil againn míchruinn, tá sé de cheart agat na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a athrú, a bhaint, a bhlocáil nó cur ina gcoinne. I gcúinsí áirithe d'fhéadfadh rochtain ar shonraí a bhlocáil moill a chur ar sheirbhís nó rochtain uirthi a bhaint nuair atá gá leis na sonraí sin de réir an dlí nó chun críocha riachtanacha a bhaineann le seirbhís a chur ar fáil duit. Tabhair ar aird go nglacaimid céimeanna chun d'aitheantas a



dheimhniú sula dtugtar rochtain ar do chuid sonraí pearsanta ar mhaithe le do chuid príobháideachais a chosaint.

Chomh maith leis sin, tá sé de cheart ag Ábhair Sonraí chun;

- iniomparthacht sonraí a fheidmiú, i.e., cóip inaistrithe d'fhaisnéis atá coinnithe ag an gComhairle a fháil agus a aistriú chuig tríú páirtí/soláthraí
- sonraí a fháil ar aon aistriú sonraí chuig tríú tír (taobh amuigh den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach) agus cosaintí i bhfeidhm
- sonraí a fháil maidir le haon chinnteoireacht uathoibrithe

Chun na cearta sin a fheidmiú, is féidir leat Iarraidh ar Rochtain Ábhair a dhéanamh. Is féidir an iarraidh a dhéanamh i scríbhinn agus a sheoladh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí.

9. Sonraí Teagmhála maidir le Cosaint Sonraí

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle maidir le gach fiosrúchán a bhaineann le Cosaint Sonraí:

Teil: 091-509000
Ríomhphost: dpo@galwaycoco.ie
Seoladh Poist: Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc,
Gaillimh.

Mura bhfuil tú sásta le toradh an fhreagra atá faighte agat ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ndáil le d'iarraidh, tá tú i dteideal gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus d'fhéadfadh sé an cás a fhiosrú duit.

Is é www.dataprotection.ie láithreán gréasáin Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifig ar:

Íosghlao: 1890 252 231
Ríomhphost: info@dataprotection.ie
Seoladh Poist: An Coimisinéir Cosanta Sonraí
Teach na Canálach
Bóthar an Stáisiúin
Cúil an tSúdaire
R32 AP23.



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Contae Laoise

Is féidir teacht ar an bhfoirm iarrata ar Rochtain Ábhair atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar www.gaillimh.ie ag an nasc seo a leanas:

[http://www.galway.ie/en/media/SAR%20-english-GCC-CS-16\(E\)-00.pdf](http://www.galway.ie/en/media/SAR%20-english-GCC-CS-16(E)-00.pdf)